An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

# CLÁR TAIGHDE

## 2024-2026



Foilsithe ag An gCoimisiún Toghcháin,
Iúil 2024.
ISNB 978-1-911722-05-2

**An Coimisiún Toghcháin,
Caisléan Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2,
D02 X8 X8.**

@ElecCommIRL

# Clár Ábhair

Réamhrá ón gCathaoirleach ..... 4
1. An Réamhrá ..... 5
2. Sainordú Taighde ..... 6
3. Fís agus Luachanna ..... 7
4. Snáitheanna Téamacha ..... 9
5. Critéir Beartaithe Tosaíochtaí Taighde ..... 11
6. Tosaíochtaí Taighde ..... 13
7. Bonneagar agus Acmhainneacht Taighde a Fhorbairt ..... 24
8. Buiséad agus Acmhainní ..... 24
9. Conclúid ..... 25
Aguisín 1: An Grúpa Comhairleach Taighde ..... 26
Aguisín 2: Bord Bainistíochta NEDS ..... 27

## Réamhrá ón gCathaoirleach



Bhunaigh an *tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* an Coimisiún Toghcháin agus rinneadh feidhm taighde a dhílsiú sa Choimisiún leis, i dtaobh beartas agus nósanna imeachta toghcháin. Freisin chuir an tAcht dualgas ar an gCoimisiún rannpháirteacht an phobail a spreagadh i bpróisis toghcháin agus dhaonlathacha an Stáit. Chun an fheidhm seo a chur chun cinn, nuair a d'fhoilsigh an Coimisiún Dréachtchlár Taighde mí na Samhna seo caite lorg an Coimisiún aighneachtaí agus tuairimí ar a thionscadail taighde.

I gcaitheamh an phróisis comhairliúcháin phoiblí sin, tá doimhneacht agus raon rannpháirtíochta an phobail agus na bpáirtithe leasmhara a d'fhreagair an dréacht, agus ionchur úsáideach ár nGrúpa Chomhairligh Taighde, tar éis aird a tharraingt ar thábhacht an taighde agus na faisnéise ardchaighdeáin. Léirigh na haighneachtaí sin raon leathan tuairimí faoi chóras toghcháin agus daonlathais na hÉireann, agus an spéis atá ann, agus ábhair a bhféadfaí leas a bhaint as a bhfiosrú agus iad a fheabhsú.

Gabhaim buíochas leis na daoine den phobal agus na heagraíochtaí a chuir freagraí chugainn. Tá súil againn go leanfar leis an rannpháirtíocht spleodrach seo i gcaitheamh na dtionscadal taighde a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo. Thacaigh na haighneachtaí, tríd is tríd, lenár gcur chuige beartaithe féin, go háirithe na cúig shnáithe théamacha a mholtar.

I réamhrá an Dréachtchláir Taighde, luaigh mé go mbeadh *"taighde, sonraí agus fianaise i gcroílár obair an Choimisiúin agus [go] treorófar an obair sin leo."*[1] Tá an cur chuige cuimsitheach, nuálach agus fianaisebhunaithe i leith na dtionscadal a dtabharfaimid fúthu anois ceaptha gach gné de chóras toghcháin agus daonlathais na hÉireann a fheabhsú agus tacú leo, agus beidh an Coimisiún ina fhoinse taighde iontaofa ar féidir brath air le haghaidh na hÉireann agus go hidirnáisiúnta dá bharr.

Inár gcéad bhliain, d'fhorbraíomar Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS)[2], an chéad staidéar fadaimseartha dá leithéid in Éirinn, agus tá an taighde sin ar fáil ar líne anois. Mar is léir ón tuarascáil seo, molaimid tacú le taighde faoi Shnáithe a bhaineann le Taighde Físiúil/Taighde Bunaithe ar Fhiosracht.

Táim muiníneach go leagann an Clár Taighde seo bunchloch le hobair thábhachtach agus thráthúil an Choimisiúin.

**An Breitheamh**
**Marie Baker Uasal,**
Cathaoirleach,
An Coimisiún Toghcháin.

[1] An Coimisiún Toghcháin, 2023, Dréachtchlár Taighde 2024-2026. Ar fáil ar: https://www.electoralcommission.ie/ga/foilseachain/foilseachain-taighde/
[2] Ar fáil ar www.neds.ie

# 1. An Réamhrá

***'...Cabhróidh taighde agus anailís le lucht déanta beartas agus an tsochaí shibhialta tuiscint níos fearr a fháil ar na dálaí as a n-eascraíonn athruithe dearfacha polaitiúla agus sochaíocha agus dearcthaí cothroime, éifeachtúlachta polaitiúla agus iontaoibhe...'***
(Ó aighneacht comhairliúcháin RS47)[3]

I mí na Samhna 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún Toghcháin a chéad Dréachtchlár Taighde le haghaidh comhairliúchán poiblí. Leagadh amach sa cháipéis sin an fhís agus na luachanna a bheidh mar bhonn faoi chur chuige an Choimisiúin i leith a thaighde agus cúig shnáithe théamacha a mholtar chun an clár taighde a struchtúrú. Sainaithníodh freisin liosta fada de réimsí agus ábhair fhéideartha taighde chun aiseolas a fháil ón bpobal faoi céard ba cheart don Choimisiún tús áite a thabhairt dó ina chéad Chlár Taighde sa tréimhse 2024–2026.

I ndiaidh breithniú agus anailís a dhéanamh ar an 62 aighneacht a fuarthas ón bpobal (atá á fhoilsiú freisin i dteannta cáipéis achoimre) agus dul i gcomhairle le Grúpa Comhairleach Taighde an Choimisiúin Toghcháin (tugtar sonraí an ghrúpa in Aguisín 1), rinne an Coimisiún Toghcháin cinneadh faoina thosaíochtaí taighde le haghaidh 2024 agus sainaithníodh roinnt tosaíochtaí táscacha le haghaidh 2025 agus 2026 freisin. Mar a fhoráiltear dó san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022,* déanfar iad sin a athbhreithniú gach bliain i gcomhar leis an gComhchoiste Oireachtais, an tAire, an Grúpa Comhairleach Taighde agus páirtithe leasmhara eile.

Den chuid is mó, léirigh rannpháirtithe sa phróiseas comhairliúcháin gur thacaigh siad le sainordú taighde an Choimisiúin, lena fhís agus luachanna taighde agus leis na snáitheanna taighde a foilsíodh roimhe sin sa Cháipéis Chomhairliúcháin. Roinnfear iad sin arís sula ndéantar cur síos i gCuid 5 agus i gCuid 6 thíos ar na critéir a úsáideadh chun na tosaíochtaí taighde a shainaithint agus ar na tosaíochtaí féin.

[3] Foilsítear na haighneachtaí in ord uimhreach ag www.electoralcomission.ie/research-submissions

# 2. Sainordú Taighde

Tugtar sainordú don Choimisiún san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* chun taighde a choimisiúnú nó a dhéanamh ar bheartas agus nósanna imeachta toghcháin, ceisteanna a bhaineann le comhlíonadh a fheidhmeanna ina measc agus, ag eascairt as an taighde sin, féadfaidh sé moltaí a dhéanamh don Aire agus don Rialtas de réir mar is cuí leis.

Foráiltear leis go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- cláir a ullmhú gach bliain ina sonrófar na hábhair a mbeartaíonn sé taighde a dhéanamh orthu... agus cuspóirí an taighde sin; an chaoi a ndéanfar an taighde sin; agus costas measta an taighde sin.
- dul i gcomhairle leis an gComhchoiste Oireachtais, leis an Aire agus le haon duine eile, de réir mar is cuí leis an gCoimisiún agus a Chláir Taighde á n-ullmhú aige;
- a eagrú go gcuirfear na Cláir Thaighde sin faoi bhráid Thithe an Oireachtais; agus
- nuashonrú a dhéanamh ar a chlár taighde laistigh de shé mhí ó cuireadh faoi bhráid na dTithe é agus tuairisc a thabhairt ar a thaighde ina Thuarascáil Bhliantúil.

Chomh maith le Clár Taighde bliantúil a shonrú le haghaidh 2024, rinne an Coimisiún cinneadh cloí le cur chuige níos straitéisí trí thosaíochtaí taighde táscacha a shainaithint le haghaidh tréimhse trí bliana. Ach, de réir chultúr inoiriúnaithe agus solúbtha an Choimisiúin, d'fhéadfaí na tionscadail don dara agus don tríú bliain a leasú agus a athrú de bharr cúinsí athraithe, dea-chleachtas forbartha nó torthaí taighde atá ag teacht chun cinn.

Cuirfidh an Coimisiún nuashonrú gairid ar an dul chun cinn faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtais laistigh de shé mhí, mar a éilítear faoin *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, chomh maith le nuashonrú níos grinne ar chúrsaí taighde mar chuid dár dTuarascáil Bhliantúil. Ag an am céanna, cinnteoimid go socraítear na sceidil agus na spriocanna a leagaimid le haghaidh chomhlíonadh na dtionscadal ar bhealach a chinntíonn go ndéantar taighde ardchaighdeáin, ionchuimsitheach agus críochnúil.





# 3. Fís agus Luachanna

Leagtar amach an fhís seo a leanas i Ráiteas Straitéise an Choimisiúin:

**Bosca 1: Fís straitéiseach an Choimisiúin Toghcháin**

Tá iontaoibh as próiseas toghcháin na hÉireann agus meas air mar phróiseas atá cothrom, saor agus neamhchlaonta. Tá muintir na tíre ar an eolas, rannpháirteach agus cumasaithe, as a n-eascraíonn an líon vótálaithe is airde in imeachtaí toghcháin. Trí thuiscint agus rannpháirteachas gníomhach sa daonlathas a fheabhsú, cuireann an Coimisiún Toghcháin in aghaidh na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar an bpróiseas toghcháin agus daonlathach. Trína chláir nuálacha, chothaigh an Coimisiún Toghcháin maoirseacht dhaonlathach in Éirinn, ar leas an phobail.

Bhí aird ag an gCoimisiún ar an bhfís sin nuair a bhí a thosaíochtaí taighde á roghnú. Beidh na prionsabail seo a leanas ag treorú thaighde an Choimisiúin freisin, prionsabail atá fréamhaithe inár gcroíluachanna:

- **Neamhspleáchas agus Neamhchlaontacht:**
  Foráiltear leis an *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* go mbeidh an Coimisiún neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna. Tá sé sin riachtanach chun iontaoibh agus muinín a chinntiú go bhfuil an Coimisiún neamhspleách freisin ina ghníomhaíochtaí agus a chinntí ar fad agus, go háirithe, go léireoidh sé neamhchlaontacht pholaitiúil i gcónaí. Beidh na luachanna sin mar bhonn faoinár gcur chuige i leith ár dtaighde agus aon mholtaí a dhéanfar mar gheall ar an taighde sin, a bheidh bunaithe ar shonraí agus ar fhianaise láidir.
- **Ionchuimsitheacht agus Cothroime:**
  Fréamhaithe i gcroíluach an chothromais, féachfaidh an Coimisiún le hionchuimsitheacht a chur i gcroílár ár dtaighde. Tá sé tábhachtach go gcuimseofar i dtaighde an Choimisiúin gach cuid de shochaí na hÉireann agus na saincheisteanna atá le sárú acu inár gcóras toghcháin agus sa daonlathas i gcoitinne. Díreofar go háirithe ar ghrúpaí nár sroicheadh i gceart roimhe seo nó a bhí imeallaithe ó phróisis pholaitiúla agus dhaonlathacha. Déanfar comhairliúchán poiblí agus suirbhéanna poiblí a ionchorprú go straitéiseach inár dtaighde agus cinnteoidh an Coimisiún freisin go mbeidh éagsúlacht sna taighdeoirí a fhostófar agus a choimisiúnófar chun taighde a dhéanamh. Beidh aon phróisis maidir le coimisiúnú nó soláthar cóir agus cothrom.
- **Cur Chun Cinn na Scoláireachta agus na Díospóireachta:**
  I bhfianaise na bhfeidhmeanna taighde a leagtar amach san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, is sprioc de chuid an Choimisiúin é taighde nuálach den scoth a dhéanamh a rachaidh chun sochair ní hamháin do chóras toghcháin na hÉireann, ach do thaighde toghcháin, polaitiúil agus daonlathach ar bhonn níos leithne. Nuair atá ábhair taighde á roghnú

agus á gcur in ord tosaíochta, breithneoidh an Coimisiún réimsí éagsúla ábhartha in Éirinn agus níos faide i gcéin, d'fhonn bheith ina phríomhfhoinse taighde ardchaighdeáin maidir le córais toghcháin agus daonlathas, fócas comparáideach ina measc. Déanfaidh an Coimisiún a chuid taighde a chur chun cinn agus a scaipeadh go forleathan, ar gach leibhéal den chóras oideachais ina measc, chun plé agus díospóireacht ar an daonlathas agus ar chóras toghcháin na hÉireann a chur chun cinn.

- **Piarmheasúnú agus Grinnscrúdú:** Tá sé tábhachtach go mbeadh taighde an Choimisiúin ar an gcaighdeán is airde agus is féidir, ionas gur féidir freastal ar an mbealach is fearr ar mhuintir na hÉireann agus ar a ndaonlathas. Déanfar piarmheasúnú neamhspleách agus idirnáisiúnta a ionchorprú inár bpróisis taighde chun a chinntiú go mbeidh ár gcuid oibre ar ardchaighdeán, go mbeidh sí iontaofa, agus go dtiocfaidh sí leis na dea-chleachtais acadúla. Beidh sásraí agus córais piarmheasúnaithe láidre a fhorbairt ina thosaíocht le haghaidh 2024. Forbrófar beartas eitice taighde freisin de réir an dea-chleachtais.

Rialófar soláthar ár bhfeidhmeanna taighde le croíphrionsabail na seirbhíse poiblí freisin, is iad sin, **trédhearcacht, cuntasacht agus luach ar airgead.**

Beimid trédhearcach faoinár modheolaíochtaí taighde agus faoin gcaoi a ndéanaimid agus a gcoimisiúnaímid taighde. Foilseofar tionscadail taighde go hiondúil[4] chun deis a thabhairt don phobal, do shaineolaithe agus do ghrúpaí sainleasa ár dtaighde a léamh, tuairimí a chruthú faoi na torthaí agus páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí oscailte maidir le hathchóirithe nó le hathruithe féideartha chun daonlathas na hÉireann a fheabhsú agus a threisiú.

Beidh freagracht phoiblí ar an gCoimisiún as a thaighde agus as a chinntiú go ndéanfar go heiticiúil agus de réir na gcaighdeán is airde é. Cinnteoimid go ndéanfaimid ár dtaighde ar bhealach cost-éifeachtúil i gcónaí agus go ndírímid ar luach ar airgead nuair atá taighde á choimisiúnú agus á sholáthar againn, ag cinntiú ag an am céanna nach mbeidh sé sin chun aimhleasa caighdeán cáilíochta.

[4] Beidh na heisceachtaí air sin an-teoranta agus beidh siad bunaithe ar thástáil leas an phobail agus ar dhíolúintí ábhartha um Shaoráil Faisnéise.





# 4. Snáitheanna Téamacha

Moladh sa Cháipéis Chomhairliúcháin Taighde go n-eagrófaí an Clár Taighde bunaithe ar chúig shnáithe (sonraí thíos).

Iarradh go sonrach orthu siúd a d'fhreagair an próiseas comhairliúcháin a dtuairimí a roinnt faoi na snáitheanna a moladh, agus bhí na freagraí thar a bheith dearfach. Thaca an Grúpa Comhairleach Taighde leis an gcur chuige téamach sin freisin. Measann an Coimisiún mar sin go bhfuil sainordú láidir ann chun na téamaí sin a úsáid mar bhonn do struchtúrú agus pleanáil an chláir taighde as seo go ceann trí bliana.

**Bosca 2: Tuairimí roghnaithe ar na cúig shnáithe ó fhreagróirí an chomhairliúcháin**

- ***'Léiríonn na snáitheanna atá beartaithe cothromaíocht mhaith de thionscadail taighde'*** (RS01)
- ***'Táimid sásta leis na cúig shnáithe taighde a bheartaítear'*** (RS03)
- ***'Is cosúil go bhfuil siad go breá agus cuimsitheach'*** (RS25)
- ***'Ceapaim go bhfuil siad an-mhaith agus gur cheart go gcruthóidís bonn maith...'*** (RS36)

## Snáithe A: Taighde suirbhé fadaimseartha agus bailiú sonraí

Tá corpas suntasach taighde a bhfuil ardmheas air in Éirinn maidir le toghcháin agus iompraíocht toghcháin, agus go leor saineolaithe toghcháin a bhfuil meas idirnáisiúnta orthu. Mar sin féin, tá sí eisceachtúil mar nach raibh cuntas teiste aici go dtí seo ar Staidéir Náisiúnta Toghcháin atá comhsheasmhach agus ag a bhfuil acmhainní cuí. Tugann na staidéir sin sonraí iontaofa agus cuimsitheacha faoina toghcháin agus iompraíocht pholaitiúil. Tá staidéir dá leithéid ar bun in go leor tíortha eile le breis agus 50 bliain.

Chun tús a chur le forbairt agus bailiú sonraí láidre chun bonn eolais a chur faoi sholáthar réimse iomlán a fheidhmeanna, is é an chuid is tábhachtaí de Shnáithe A ná go bhforbrófar Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) d'Éirinn. Cuimseofar leis sin gnéithe de shamhail thraidisiúnta an Staidéir Náisiúnta Toghcháin agus, go háirithe, modheolaíocht chríochnúil samplála, ach beidh fócas níos leithne ag baint leis a bheidh ag teacht le sainordú agus feidhmeanna an Choimisiúin.

Ós rud é gur comhlacht nua é an Coimisiún agus go dteastaíonn uaidh a dhul chun cinn agus a fheidhmíocht a rianú, leanfaidh sé cleachtas Coimisiún Toghcháin eile freisin, agus comhlánóidh sé na sonraí

NEDS trí phobalbhreitheanna rialta a dhéanamh ar na toghthóirí ar bhonn rollach. Déanfar é sin idir toghcháin, agus ní le linn tréimhsí toghcháin amháin. Beidh suirbhéireacht chríochnúil i gceist leis ar shamplaí ionadaíocha den phobal maidir lena ndearcadh i leith gnéithe éagsúla de thoghcháin agus den daonlathas. Cuirfear bonn eolais leis sin faoinár gcuid oibre ar bhonn leanúnach, i dtréimhsí toghcháin agus neamhthoghcháin araon. Beidh béim faoi leith ar chúinsí a shainaithint a chaithfear a léiriú i straitéisí atá á bhforbairt chun méadú a bhaint amach ar líon na ndaoine a chaitheann vóta agus an rannpháirteachas polaitiúil, ag féachaint le bonn eolais a chur faoi thionscnaimh an Choimisiúin sna réimsí sin.

Cuirfidh na sonraí sin bonn eolais freisin faoi na hAthbhreithnithe ar leith i nDiaidh Imeachtaí Toghcháin (PEERanna) a chuirtear faoi ndeara ar an gCoimisiún a ullmhú agus a fhoilsiú i ndiaidh gach imeachta toghcháin, agus aird faoi leith ar cheanglais chun breathnú ar inrochtaineacht fhoriomlán an phróisis vótála do ghrúpaí vótálaithe atá faoi mhíchumas, a bhfuil tinneas orthu nó a bhfuil dúshláin litearthachta le sárú acu.

Anuas air sin, beidh ceisteanna in NEDS a chuirtear i staidéir idirnáisiúnta toghcháin eile chun taighde comparáideach ar Éirinn a éascú, spreagadh agus iompraíochtaí vótála ina measc. Déanfar na sonraí a anaithnidiú agus cuirfear ar fáil mar shonraí foinse oscailte iad le go mbeidh eolas ar ardchaighdeán faoi staid ár ndaonlathais ar fáil ag páirtithe leasmhara, an pobal, na meáin agus an córas polaitiúil.

Toisc go soláthróidh an Snáithe seo sonraí a chabhróidh le bonn eolais a chur faoi thaighde sna snáitheanna téamacha eile ar fad, ghabh an Coimisiún air féin roimhe seo tosú ar an NEDS láithreach. Rinneadh dul chun cinn suntasach cheana féin (féach cuid 6.2.1 thíos).

### Snáithe B: Dlí toghcháin, córais toghcháin agus bonneagar toghcháin

Foráiltear san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* go ndéanfaidh an Coimisiún Toghcháin moltaí don Aire agus don Rialtas ar bheartas agus ar nósanna imeachta toghcháin a eascróidh óna chuid oibre. Tá forálacha ann freisin go gcoimisiúnóidh nó go ndéanfaidh an Coimisiún taighde i ndáil leis an gclár toghthóirí chun bonn eolais a chur faoina ról maoirseachta. Díreofar sa Snáithe seo mar sin ar na socruithe agus ar an mbonneagar bunreachtúil, dlíthiúil agus institiúideach lena rialaítear imeachtaí toghcháin na hÉireann, chomh maith le hathchóirithe a aithint a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun daonlathas na hÉireann a fheabhsú agus a chur chun cinn.

### Snáithe C: Sláine na n-imeachtaí toghcháin

Tá sé riachtanach go measfar i gcónaí go bhfuil imeachtaí toghcháin na hÉireann cothrom agus cóir, agus go bhfuil iontaoibh as a sláine agus as a slándáil. Tacóidh taighde faoin Snáithe seo leis an gCoimisiún athbhreithnithe cuimsitheacha a sholáthar i ndiaidh imeachtaí toghcháin ar riar imeachtaí toghcháin na hÉireann. Cuirfear bonn eolais leis freisin faoina straitéis chun a shainordú reachtach (nuair a achtófar é) a chomhlíonadh chun daonlathas agus imeachtaí toghcháin na hÉireann a chosaint ar chur isteach ar thoghcháin ar líne, bréagaisnéis, mífhaisnéis agus chibear-ionsaithe.



### Snáithe D: Oideachas, rannpháirtíocht an phobail agus ionchuimsiú

Tá ról nua agus an-suntasach ag an gCoimisiún maidir le rannpháirteachas an lucht vótála in Éirinn a mhéadú agus a fheabhsú agus ionchuimsitheacht chóras daonlathach na hÉireann a fheabhsú leis. Cuirfidh sonraí a bhailítear faoi Shnáithe A bonn eolais faoin Snáithe seo, agus díreofar ar thaighde a dhéanamh agus ansin ar dhea-chleachtas a sholáthar maidir le hoideachas ar an daonlathas, agus teacht ar an mbealach ar gá ár gcórais a fheabhsú chun rannpháirteachas daonlathach agus rannpháirtíocht vótálaithe ar fud an daonra a mhéadú. Cuirfear béim shuntasach freisin ar thaighde lena bhfiosrófar an bealach is fearr chun tacú le rannpháirtíocht agus rannpháirteachas daonlathach agus toghcháin grúpaí nach ndéantar freastal orthu i gceart, nach sroichtear i gceart agus atá faoi ghannionadaíocht.

### Snáithe E: Taighde físúil/taighde bunaithe ar fhiosracht

Is eagraíocht foghlama é an Coimisiún agus aithníonn sé go bhfuil ról an-mhór ag taighde atá bunaithe ar fhiosracht. Tá sé sin tábhachtach lena chinntiú go mbeidh ár dtaighde ar thús cadhnaíochta na nuálaíochta daonlathaí, agus nach gcaillfear an deis iniúchadh a dhéanamh ar thaighde a d'fhéadfadh a bheith spreagúil agus luachmhar trí fhócas téamach róchúng.



## 5. Critéir Beartaithe Tosaíochtaí Taighde

Nuair a bhí an chéad Chlár Taighde seo á fhorbairt, thuig an Coimisiún má tá sármhaitheas taighde mar ardaidhm, agus má tá sé lena bhaint amach, go dteastaíonn scafláil tacaíochta ina bhfuil córais, socruithe rialachais agus bonneagar cuí. Ó tharla gur eagraíocht nua é an Coimisiún, caithfear é sin a fhorbairt i dteannta na gcéad tionscadail taighde a chur i gcrích. Caithfear obair shuntasach a dhéanamh chun an bonneagar a theastaíonn a shainaithint agus a fhorbairt, ina measc sásraí cuí le haghaidh rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, bonneagar TF, córais bainistíochta eolais, próisis chun taighde a choimisiúnú agus a sholáthar, agus earcaíocht foirne agus forbairt acmhainneachta. Tá cuid den obair sin ar bun cheana féin, ach tá tuilleadh le déanamh.

Má infheistítear dóthain ama, machnaimh agus airde sna hábhair sin go gearrthéarmach, cinnteofar bunchloch láidir le haghaidh aonad taighde éifeachtach atá ag feidhmiú go maith, agus taighde ardchaighdeáin san fhadtéarma. Glacann an clár taighde seo, mar sin, cur chuige céimnithe réalaíoch i leith chaighdeán na dtionscadal ar féidir le comhlacht nua taighde a chur chun cinn ina luathbhlianta, gan sármhaitheas agus críochnúlacht acadúil a ghéilleadh.

Nuair a bhí meastóireacht á déanamh ar na hábhair taighde fhéideartha éagsúla chun iad a chur in ord tosaíochta, forbraíodh na critéir seo a leanas (i gcomhar leis an nGrúpa Comhairleach Taighde):

1. Tá an t-ábhar ailínithe le soláthar fianaisebhunaithe den scoth fheidhmeanna reachtúla an Choimisiúin a chinntiú (féach ar Bhosca 3 thíos).

2. Spreagann an t-ábhar seo ardleibhéil spéise agus rannpháirtíochta i measc páirtithe leasmhara agus an phobail (féach an achoimre ar leith ar an bpróiseas comhairliúcháin a foilsíodh ar www.electoralcommission.ie/ga/clar-taighde le haghaidh tuairisc ar an spéis in ábhair faoi leith).

3. Tá an t-ábhar seo ailínithe leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta a bhaint amach.

4. D'fhéadfaí 'bua tapa nó éasca' a thabhairt ar an ábhar seo, is é sin, mar gheall ar a raon nó a mhéid is féidir é a bhaint amach sách tapa, nó le himpleachtaí réasúnta acmhainneachta/acmhainní.

### Bosca 3: Feidhmeanna an Choimisiúin

**Tá an Coimisiún freagrach as réimse feidhmeanna toghcháin atá ann cheana féin, ina measc:**

- Ábhar na dtograí reifrinn a mhíniú, feasachtc an phobail ar reifrinn a chur chun cinn agus na toghthóirí a spreagadh chun vótáil i reifrinn;
- Tabhairt faoi athbhreithnithe agus tuarascálacha a chur i dtoll a chéile faoi thoghcheantair le haghaidh comhaltaí a thoghadh don Dáil agus do Pharlaimint na hEorpa;
- Tuarascálacha a chur i dtoll a chéile don Aire maidir le teorainneacha toghcháin áitiúil; agus
- Páirtithe polaitíochta a chlárú.

**Anuas ar a ról taighde, leagtar cúraimí ar an gCoimisiún freisin i dtaobh róil nua toghcháin éagsúla eile:**

- Feasacht an phobail ar phróisis toghcháin agus dhaonlathacha an Stáit a chur chun cinn, agus oibriú chun rannpháirtíocht an phobail iontu a mhéadú, trí chláir oideachais agus eolais;
- maoirseacht a dhéanamh ar Chlár na dToghthóirí, moltaí a dhéanamh agus caighdeáin a leagan maidir le cothabháil agus nuashonrú;
- Tuarascálacha ex post a ullmhú ar riar imeachtaí toghcháin;
- Fógraíocht pholaitiúil ar líne a n-íoctar aisti a rialú, ag cinntiú trédhearcachta maidir le fógraí polaitiúla ar líne (níor cuireadh tús leis an gcuid seo den Acht go fóill); agus
- Imscrúdú agus monatóireacht ar bhréagaisnéis ar líne, mífhaisnéis ar líne agus iompraíocht ionramhálach nó bhréagach ar líne i rith tréimhsí feachtais toghcháin, chomh maith le feidhmeanna chun iompraíocht ionramhálach nó bréagach ar líne a sheachaint (níor cuireadh tús leis seo go fóill).[5]

[5] Thug an Rialtas le fios go bhfuil sé i gceist aige na Codanna sin den Acht a leasú roimh a dtosach feidhme.



# 6. Tosaíochtaí Taighde

## 6.1 Achoimre

Bunaithe ar na critéir thuasluaite, shainaithin an Coimisiún grúpa ar leith de thionscadail tosaíochta le haghaidh 2024 (Bliain 1). Rinneadh dul chun cinn suntasach cheana féin ar chuid díobh atá ar bun faoi láthair (féach cuid 6.2.1 thíos). Beartaítear líon na dtionscadal taighde a mhéadú go suntasach sna blianta amach romhainn, nuair atá céim thosaigh an bhunaithe curtha i gcrích, agus bonneagar agus éiceachóras taighde atá go hiomlán forbartha i bhfeidhm.

**Tábla 1: Tosaíochtaí taighde 2024–2026**

| Ag tosú in 2024 | 2025 | 2026 |
|---|---|---|
| **Snáithe A:**<br>• An Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) a cheapadh agus a thosú | **Snáithe A:**<br>• Tuilleadh forbartha ar NEDS agus é a leathnú | **Snáithe A:**<br>• Tuilleadh forbartha ar NEDS agus é a leathnú |
| **Snáithe B:**<br>• Taighde ar Athbhreithnithe Toghcheantar<br>• An ceanglas faoi sheoladh a chur ar pháipéar ballóide<br>• Crochadh póstaer<br>• Athbhreithniú ar Acht Toghcháin 1997 | **Snáithe B:**<br>• Síneadh a chur le vótáil phoist<br>• Dearadh na bpáipéar ballóide | **Snáithe B:**<br>• Athbhreithniú ar roghanna eile seachas fothoghcháin<br>• Athbhreithniú ar PR-STV mar chóras toghcháin na hÉireann |
| **Snáithe C:**<br>• Taighde ar mhífhaisnéis agus bréagaisnéis<br>• Athbhreithnithe i ndiaidh imeachtaí toghcháin atá le déanamh le haghaidh gach imeachta toghcháin in 2024 | **Snáithe C:**<br>• Breithniú ar shíneadh a chur leis an taighde ar mhífhaisnéis agus bréagaisnéis, ag forbairt thorthaí Bhliain 1<br>• Athbhreithnithe i ndiaidh imeachtaí toghcháin atá le déanamh le haghaidh gach imeachta toghcháin in 2025 | **Snáithe C:**<br>• Vótáil/comhaireamh leictreonach<br>• Athbhreithnithe i ndiaidh imeachtaí toghcháin atá le déanamh le haghaidh gach imeachta toghcháin in 2026 |
| **Snáithe D:**<br>• Meitea-anailís ar thaighde a bhaineann le grúpaí nach sroichtear i gceart agus atá faoi ghannionadaíocht<br>• An aois vótála a laghdú | **Snáithe D:**<br>• Tionscadail leantacha le grúpaí nach sroichtear i gceart /atá faoi ghannionadaíocht agus meitea-anailís mar bhonn eolais fúthu | **Snáithe D:**<br>• Cónaitheacht agus vótáil<br>• Réamhvótáil |
| **Snáithe E:**<br>• Sásra a cheapadh chun tionscadail taighde fhísiúil a shainaithint agus a éascú | **Snáithe E:**<br>• Próiseas trialach a reáchtáil chun tionscadail taighde fhísiúil a shainaithint agus tús a chur leo | **Snáithe E:**<br>• Dul chun cinn ar thionscadail taighde fhísiúil |

Tá ról maoirseachta ag an gCoimisiún Toghcháin freisin i dtaobh Chlár na dToghthóirí, dá bhforáiltear ar leith sa reachtaíocht. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an Coimisiún, sa tréimhse 2024–2026, taighde a choimisiúnú nó a dhéanamh ar Chlár na dToghthóirí dá bhforáiltear faoi Alt 69 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*.

## 6.2 Tosaíochtaí le haghaidh 2024

### 6.2.1 Snáithe A: NEDS

#### Dul chun cinn go dtí seo

Mar an chéad chéim i bhforbairt an Staidéir NEDS, coimisiúnaíodh staidéar trialach ar reifrinn an 8 Márta 2024. Tar éis moladh a fháil ó Bhord Bainistíochta NEDS (tá tuilleadh eolais in Aguisín 2), coimisiúnaíodh trí shuirbhé. Thug dhá chomhlacht pobalbhreitheanna neamhspleácha faoi na suirbhéanna sin – suirbhé ar líne agus ar an nguthán roimh na reifrinn, agus suirbhé ar an lucht vótála bunaithe ar shampla ionadaíoch de níos mó ná 3,500 vótálaí ag 185 stáisiún vótála ar lá na vótála. Foilsíodh sonraí ceannlíne ón taighde sin cheana féin, rud a léiríonn tiomantas an Choimisiúin do thaighde a chur ar fáil don phobal. De réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta, tá na sonraí loma agus na códleabhair á réiteach lena bhfoilsiú faoi láthair faoi mhaoirsiú Bhord Bainistíochta NEDS, agus foilseofar iad nuair atá an próiseas sin curtha i gcrích.

Bhí ceisteanna i suirbhéanna mhí an Mhárta chun na leibhéil feasachta ar an gCoimisiún, agus na leibhéil iontaoibhe as, a thagarmharcáil. Bailíodh sonraí freisin faoi thaithí vótála (a chuirfidh leis an gcéad PEER a dhéanfaidh an Coimisiún), leibhéil eolais pholaitiúil, foinsí faisnéise agus tionchair ar líon na ndaoine a chaith vóta, agus tá na sonraí sin á n-úsáid cheana féin chun bonn eolais a chur faoi obair an Choimisiúin in oideachas agus rannpháirtíocht na vótálaithe.

Tá an dara staidéar ar bun faoi láthair le haghaidh thoghcháin mhí an Mheithimh, faoi mhaoirsiú Bhord Bainistíochta NEDS arís. Tá suirbhé ar líne ar 3,000 vótálaí i gceist leis sin a bhaineann le Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha an 7 Meitheamh, chomh maith le suirbhé vótálaithe i Luimneach a bhaineann go sonrach le toghchán mhéara Luimnigh. Tá na suirbhéanna déanta agus, ach oiread le mí an Mhárta, foilseofar na sonraí a luaithe a bhíonn siad ar fáil.

Tá obair ar bun freisin chun ullmhú le haghaidh staidéar ar an gcéad Olltoghchán eile a bheidh ar bun tráth nach déanaí ná mí an Mhárta 2025, ina measc soláthar, cur i gcrích na modheolaíochta agus forbairt ceistneoirí, le tacaíocht ó Bhord Bainistíochta NEDS agus an Grúpa Comhairleach Taighde. Beidh an Staidéar ar an Olltoghchán ar an staidéar is cuimsithí go dtí seo, agus teastóidh ullmhú grinn lena aghaidh, leis an taithí agus an fhoghlaim ó staidéir mhí an Mhárta agus mhí an Mheithimh mar bhonn eolais faoi.

Is tionscadal taighde fadaimseartha uaillmhianach é NEDS óna dteastaíonn infheistíocht shuntasach ama, chomh maith le maoirsiú agus bainistíocht chúramach agus thomhaiste. Is croíthosaíocht taighde é a bhunú don Choimisiún, agus meastar go mbeidh sé ag athrú agus ag forbairt le himeacht aimsire, agus ag cur le taithí agus dea-chleachtas idirnáisiúnta.





### 6.2.2 Snáithe B

#### (i) Athbhreithniú toghcheantair

Ina Thuarascáil ar an Athbhreithniú ar Thoghcheantair[6] a cuireadh i gcrích i mí Lúnasa 2023, shainaithin an Coimisiún trí phíosa taighde ba cheart a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoi Athbhreithnithe amach anseo:

- **Ionadaíocht** agus an bealach ina gcinntear líon foriomlán na dTeachtaí Dála i gcomhthéacs an daonra atá ag méadú, agus na forálacha bunreachtúla agus dlíthiúla reatha.
- **Méid dáilcheantair:** Éilíodh i roinnt aighneachtaí poiblí go gcruthófaí dáilcheantair sé shuíochán nó go ndéanfaí athrú ar na forálacha lena gcuirtear cosc air sin faoi láthair. Cé gur moladh i roinnt aighneachtaí go gcuirfí le líon na ndáilcheantar trí shuíochán, mhol formhór na ndaoine a tharraing an tsaincheist anuas tuilleadh dáilcheantar cúig shuíochán a chruthú. Sa Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Thoghcheantair, thug an Coimisiún tiomantas do thús áite a thabhairt do thaighde ar mhéid dáilcheantair, lena n-áirítear iniúchadh ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhainfeadh le dáilcheantar ina bhfuil níos mó ná cúig shuíochán.
- **Modheolaíocht an athbhreithnithe dáilcheantair:** Ba é sin an chéad athbhreithniú dáilcheantair a rinne an Coimisiún. Mar bhuanchomhlacht, tá an Coimisiún tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas chun feabhsuithe féideartha a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo a shainaithint, ina measc an próiseas comhairliúcháin agus an bhfuil féidearthacht ann le haghaidh úsáid mhéadaithe na teicneolaíochta.

Tugadh tús áite do thús a chur leis an taighde sin in 2024, toisc go bhfuil sé ríthábhachtach chun tacú le feidhmíocht an Choimisiúin i dtaobh ceann dá phríomhfheidhmeanna reachtúla, agus chun bonn eolais a chur faoi sin. Shainaithin go leor de fhreagróirí an phróisis comhairliúcháin taighde é mar phríomhthosaíocht. Bhí spéis faoi leith i gceist mhéid na ndáilcheantar, agus tharraing os cionn an tríú cuid de na freagróirí aird air. Tharraing saineolaithe agus eolaithe polaitiúla aird air freisin mar cheist óna dteastaíonn breithniú athnuaite.[7]

Beidh meascán de thaighde inmheánach, comhairliúchán le páirtithe leasmhara agus rannpháirtíocht saineolaithe i gceist leis an taighde seo. Cuirfear tús leis in 2024.

#### (ii) An ceanglas faoi sheoladh a chur ar pháipéar ballóide

I gcomhthéacs an mhéadaithe ar bhagairtí ar shábháilteacht polaiteoirí (a léirítear, mar shampla, i gcinneadh an Chinn Comhairle agus an Chathaoirligh Tascfhórsa um Rannpháirtíocht Shábháilte sa Pholaitíocht a bhunú, a thuairiscigh ar an 15 Bealtaine 2024), mhol cuid de fhreagróirí an phróisis comhairliúcháin go ndéanfaí taighde ar an gceanglas go mbeadh seoladh na n-iarrthóirí toghcháin ar na páipéir bhallóide.

Mar shampla, dúirt freagróir amháin 'I bhfianaise cultúr polaitiúil atá ag éirí níos tinneallaí agus bagairtí foréigin in aghaidh iarrthóirí, d'fhéadfadh go mbeadh gá leis an gceanglas seo a bhaint chun sábháilteacht phearsanta na n-iarrthóirí agus a dteaghlach a chinntiú' (RS45).

Toisc gur ábhar sách scoite agus dírithe é seo, measann an Coimisiún gur ábhar é is féidir a dhéanamh go hinmheánach chun achoimre ar thaighde/pléchpáipéis a ullmhú lena foilsiú roimh dheireadh 2024.

[6] Ar fáil ar https://www.electoralcommission.ie/ga/athbhreithniu-toghlaigh/
[7] Féach mar shampla https://www.irishtimes.com/opinion/2023/09/06/the-cube-root-rule-that-determines-the-number-of-tds-ireland-should-have/

Tarraingíodh aird freisin ar cheisteanna níos leithne faoi dhearadh páipéar ballóide i gcuid de na haighneachtaí, agus beidh sé sin ina réimse taighde tosaíochta le haghaidh 2025 (féach cuid 6.3 thíos).



### (iii) Crochadh póstaer

Rinneadh cur síos ar phóstaeir toghcháin mar *'radharc gránna ar geall le loitiméireacht é'*[8] nó mar *'uirlis riachtanach chun saoránaigh a mhealladh isteach sa chomhrá agus iad a chur amach ag vótáil.'*[9] Thug daoine eile le fios go bhfuil siad *'gránna, gur féidir le bruscar eascairt astu... agus go gcuireann siad isteach ar thiománaithe.'*[10] Dúirt ceann de na haighneachtaí taighde gur féidir leo feidhmiú freisin mar *'mheabhrú amhairc simplí ar aitheantas iarrthóirí le haghaidh daoine áirithe a bhfuil míchumas intleachtúil nó foghlama orthu'* (RS40), rud a thugann le fios, chomh maith le díospóireacht agus spéis shuntasach a chruthú, gur ábhar é seo atá ábhartha d'fheidhmeanna éagsúla an Choimisiúin.

Mar a luadh roimhe seo, foráiltear san Acht um Athchóiriú Toghcháin don Choimisiún dul i gcomhairle leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun a Chláir Taighde a ullmhú. Tharraing an tAire agus an tAire Stáit le haghaidh Athchóiriú Toghcháin aird ar chrochadh póstaer mar cheann dá bpríomhthosaíochtaí taighde.

Cuirfear tús mar sin le taighde ar chrochadh póstaer in 2024. Beidh próiseas comhairliúcháin phoiblí mar chuid de sin.

### (iv) Athbhreithniú ar Acht Toghcháin 1997


Tá tiomantas fadbhunaithe ag an Rialtas d'athbhreithniú ar Acht Toghcháin 1997. Tarraingíodh anuas imní faoi leith faoin sainmhíniú ar 'chun críoch polaitíochta' san Acht, mar a bhaineann sé le rialacha faoi ghlacadh le tabhartais. Tarraingíodh anuas an gá atá le hathbhreithniú ar an Acht i roinnt aighneachtaí taighde, chomh maith le haighneachtaí ó chomhaltaí den Ghrúpa Comhairleach Taighde.

Is píosa tábhachtach taighde é agus cuirfear tús leis in 2024.

## 6.2.3 Snáithe C:

### (i) Taighde ar mhífhaisnéis agus bréagaisnéis

Tarraingíodh aird le cúpla bliain anuas ar an imní faoin gcaoi a bhféadfadh faisnéis bhréagach agus mhíthreorach baint de shláine na bpróiseas toghchánach agus an daonlathais féin, agus den iontaoibh astu. Tharla sé sin ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, ina measc an tAontas Eorpach, an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta agus IDEA Idirnáisiúnta, agus in Éirinn freisin, ina measc EDMO Ireland agus raon saineolaithe agus páirtithe leasmhara eile.





Ba réimse é seo ar tarraingíodh go leor airde air sna haighneachtaí taighde agus sa phlé agus ionchur ón nGrúpa Comhairleach Taighde.

### Bosca 4: Athfhriotail ó aighneachtaí taighde ar mhífhaisnéis agus bréagaisnéis

- *'I dtaca le daonlathas agus imeachtaí toghcháin na hÉireann a chosaint, tá cur isteach ar thoghcháin ar líne a throid thar a bheith tábhachtach'* (RS03).
- *'Ní chreidim go bhfuil sé inmharthana fanacht go dtí go mbeidh tús curtha le cuid 4 agus cuid 5 chun taighde a dhéanamh ar fhógraí polaitiúla ar líne agus ar bhagairtí digiteacha eile: chuirfeadh sé sin deiseanna luachmhara foghlama amú in 2024'* (RS46).
- *'Níl aon chúis le fanacht le himscrúduithe a dhéanamh ar scála (an chur isteach seachtrach)...'* (RS19).

Foráiltear san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* go bhfuil cumhachtaí ag an gCoimisiún Toghcháin i dtaobh fógraíocht pholaitiúil ar líne agus monatóireacht agus imscrúdú ar bhréagaisnéis ar líne i rith thréimhsí feachtasaíochta na dtoghchán. Ach níl na codanna sin den Acht tar éis teacht i bhfeidhm go fóill, agus tá an Rialtas tar éis a chur in iúl go bhfuil sé i gceist aige leasuithe a dhéanamh roimh a dtosach feidhme, chun forbairtí reachtacha AE go háirithe a léiriú.

Ghlac an Coimisiún páirt i méadú feasachta tosaigh a bhaineann le bréagaisnéis agus bagairtí ar líne ar an daonlathas agus toghcháin trí fheachtas meán sóisialta. D'fhorbair sé creat deonach le deireanaí freisin le haghaidh cuideachtaí teicneolaíochta, páirtithe agus iarrthóirí maidir le 'Faisnéis faoi Phróisis Thoghchánacha, Fógraíocht Pholaitiúil agus Inneachar Meabhlach IS Ar Líne' roimh thoghcháin mhí an Mheithimh.[11] Is léir go dteastaíonn tuilleadh tionscnamh agus gnímh chun na rioscaí sin don tsláine toghcháin a mhaolú agus go gcaithfidh siad a bheith bunaithe ar fhianaise.

Dá bhrí sin, seolfaidh an Coimisiún gairm taighde in 2024 le haghaidh tionscadal sa réimse seo chun tacú le tionscadail, nó tionscadail a chómhaoiniú, a bhfuil an seans is mó acu bonn eolais a chur faoi ghníomhartha an Choimisiúin amach anseo. Beidh mar chuspóir foriomlán acu tuilleadh fianaise a bhailiú faoi mhífhaisnéis agus bréagaisnéis, agus cineálacha eile cur isteach ar thoghcháin ar líne, chomh maith le chomh forleathan is atá siad, agus na tionchair ar an daonlathas. Scrúdófar freisin na huirlisí chun aghaidh a thabhairt air sin, ar an leibhéal córasach agus ar leibhéal an duine aonair.

### (ii) Athbhreithnithe i nDiaidh Imeachtaí Toghcháin

Tabharfaidh foireann an Choimisiúin faoi Athbhreithnithe i nDiaidh Imeachtaí Toghcháin (PEERanna) go hinmheánach ar riar na n-imeachtaí toghcháin i mí an Mhárta agus mí an Mheithimh 2024. Beidh siad sin bunaithe ar chuairteanna bailithe eolais fhoireann agus chomhaltaí an Choimisiúin ar shraith roghnaithe stáisiúin vótála a

[8] https://www.newstalk.com/news/its-bordering-on-vandalism-do-we-need-election-posters-1723410
[9] https://www.rte.ie/brainstorm/2020/0218/1116223-election-posters-ban-voter-turnout/
[10] https://www.anglocelt.ie/2016/02/11/opinion-election-posters-are-outdated-and-should-be-outlawed/

[11] https://www.electoralcommission.ie/media-release/an-coimisiun-toghchain-publishes-framework-on-online-electoralprocess-information-political-advertising-and-deceptive-ai-content-in-advance-of-june-elections/

roghnaíodh de réir critéir réamhshainithe. Bainfear úsáid freisin as sonraí NEDS agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara chun bonn eolais a chur faoi thuarascálacha PEER.

Tá an tuarascáil PEER faoi reifrinn mhí an Mhárta á cur i gcrích faoi láthair, agus foilseofar í faoin 8 Meán Fómhair. Tá sí sin bunaithe ar chuairteanna ar bheagnach 100 stáisiún vótála i ngach contae agus béim faoi leith ar inrochtaineacht, tar éis leas a bhaint as staidreamh Dhaonáireamh 2022 chun ceantair a shainaithint ina bhfuil líon ard cúramóirí agus daoine a dúirt go bhfuil siad faoi mhíchumas.

Tugadh faoi PEER le haghaidh thoghcháin mhí an Mheithimh freisin, a rinne machnamh agus forbairt ar fhoghlaim ó thaithí mhí an Mhárta. Arís, thug comhaltaí agus foireann an Choimisiúin Toghcháin cuairt ar 100 stáisiún vótála a chuimsigh gach contae, chomh maith le hoileán amach ón gcósta. De réir ár spéise i ngrúpaí nach sroichtear i gceart agus atá faoi ghannionadaíocht, i measc na gcritéar chun stáisiúin vótála a roghnú bhí siad siúd atá lonnaithe i gceantair ina bhfuil líon ard vótálaithe ionchais ón Lucht Siúil, chomh maith le ceantair ina bhfuil líon ard vótálaithe atá i dteideal vóta a chaitheamh sna toghcháin Áitiúla nó Eorpacha amháin, chomh maith le stáisiúin vótála a mheastar a bheith dorochtana. Tá an tuarascáil ó PEER mhí an Mheithimh á hullmhú faoi láthair agus foilseofar í faoi cheann sé mhí.

### 6.2.4 Snáithe D

#### (i) Meitea-anailís

Tá ról nua agus an-suntasach ag an gCoimisiún maidir le rannpháirteachas an lucht vótála in Éirinn a mhéadú agus a fheabhsú, agus ionchuimsitheacht chóras daonlathach na hÉireann a fheabhsú leis. Chun bonn eolais a chur faoin obair sin, teastaíonn taighde chun na leibhéil rannpháirteachais agus rannpháirtíochta sa daonlathas agus i bpolaitíocht in Éirinn faoi láthair a thagarmharcáil, chomh maith le constaicí agus cumasóirí a shainaithint. Cabhróidh sé sin le teacht ar an mbealach ar gá ár gcórais a fheabhsú chun rannpháirteachas daonlathach agus rannpháirtíocht vótálaithe ar fud an phobail a mhéadú, chomh maith leis na tionscnaimh nua a theastaíonn a shainaithint. Tá roinnt sonraí tagarmharcála tosaigh chun bonn eolais a chur faoin obair sin á mbailiú cheana féin mar chuid de staidéar NEDS.

Tá roinnt grúpaí freisin nach sroichtear i gceart agus/nó atá faoi ghannionadaíocht ag a mbíonn leibhéil níos ísle de rannpháirtíocht pholaitiúil, vótáil agus rannpháirteachas mar ionadaithe i dtoghcháin freisin. Ina measc siúd tá daoine níos óige, imircigh, grúpaí mionlaigh eitnigh, mná, príosúnaigh, daoine gan dídean, daoine ón Lucht Siúil, daoine faoi mhíchumas, agus daoine ón bpobal LADTAI+.[12] Is cohórt eile a bhféadfadh constaicí a bheith sa bhealach ar a rannpháirteachas i bpolaitíocht agus toghcháin iad cúramóirí. Ceapadh comhdhéanamh an Ghrúpa Chomhairligh Taighde chun go leor de na guthanna sin a léiriú chun a chinntiú go léiríonn an Clár Taighde agus a fhorbairt raon leathan dearcthaí. Chomh maith leis sin, na torthaí agus an fhoghlaim ón rannpháirtíocht leanúnach agus struchtúrtha le raon grúpaí nach sroichtear i gceart agus atá faoi ghannionadaíocht tríd an bhfoireann oideachais agus rannpháirtíochta vótála sa Choimisiún, cuirfidh siad leis an gclár taighde freisin.

Ba é an rannpháirteachas sa daonlathas agus toghcháin an téama ba mhó ar tagraíodh dó in aighneachtaí an chomhairliúcháin taighde. Tharraing go leor aird ar an tábhacht a bhaineann le tús áite a thabhairt do thaighde a fhéachann le héagsúlacht a mhéadú i rannpháirtíocht agus rannpháirteachas polaitiúil, i dtéarmaí vótála agus seasamh i dtoghcháin freisin. Nuair a bhí na haighneachtaí taighde agus na tosaíochtaí taighde á bplé, luaigh an Grúpa Comhairleach Taighde ag a chéad chruinniú nach dócha go dtabharfadh na samhlacha móra samplála a bhaineann le NEDS na léargais a theastaíonn faoi ghrúpaí nach sroichtear i gceart agus atá faoi ghannionadaíocht. Mhol siad go dteastódh taighde níos mionsonraithe, níos caolchúisí agus níos spriocdhírithe. Tharraing an Grúpa Comhairleach Taighde aird freisin ar na tionscadail, tuarascálacha agus tacair sonraí atá ann cheana féin faoi rannpháirteachas grúpaí nach sroichtear i gceart agus atá faoi ghannionadaíocht, cuid díobh a léiríonn téamaí trasnachais freisin.

Mhol an Grúpa Comhairleach Taighde mar sin gurb é an chéad chéim b'oiriúnaí chun dul chun cinn a dhéanamh ar thaighde sa réimse seo ná suirbhé litríochta chun an taighde atá ann cheana féin a shainaithint agus a tharraingt le chéile. Dhéanfaí sin trí mheitea-anailís ina mbeadh achoimre ar thaighde agus sonraí atá ann cheana féin ar fud raon grúpaí. Shainaithneofaí aon bhonnlínte a bunaíodh i leith rannpháirteachas na ngrúpaí difriúla i bpolaitíocht agus sa daonlathas, agus na huirlisí agus na straitéisí a sainaithníodh nó a cuireadh i bhfeidhm cheana féin. Anuas air sin, d'fhéadfaí straitéisí comónta a shainaithint chun rannpháirteachas a mhéadú ar fud cuid de na grúpaí sin, chomh maith le cásanna ina dteastódh réitigh shainoiriúnaithe agus spriocdhírithe a dhearbhú. Is dóigh go mbeidh deis ann dul i gcomhpháirt le heagraíochtaí eile sa réimse seo a d'fhéadfaí a fhiosrú.

Is bunchloch thábhachtach í an mheitea-anailís sin chun dul chun cinn a dhéanamh ar thaighde faoi Shnáithe D, chomh maith le comhlánú tábhachtach do NEDS. Dá bhrí sin, sainaithníodh é mar thionscadal tosaíochta, agus déanfar dul chun cinn air trí thaighde a coimisiúnófar go seachtrach in 2024.



[12] Fuarthas aighneachtaí taighde an-fhaisnéiseach ó go leor de na grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar na daoine nó na grúpaí sin nó thar a gceann.

### (ii) An aois vótála a laghdú

Is é 18 mbliana d'aois an aois vótála íosta in Éirinn, agus ábhar neart cur agus cúiteamh i measc an tsaoil pholaitiúil, agus sa litríocht idirnáisiúnta leis na scórtha blianta. Tá roinnt tíortha tar éis an aois vótála a laghdú go 16 nó 17 mbliana d'aois le haghaidh cineálacha áirithe toghcháin (an Ostair, Albain, Málta agus an Ghearmáin ina measc).

Bhí an-spéis sa cheist seo sa phróiseas comhairliúcháin, an tríú hábhar is mó ar tagraíodh dó, le roinnt aighneachtaí go mór i bhfabhar an aois vótála a laghdú, agus aighneachtaí eile chomh mór céanna ina aghaidh.

**Bosca 5: Tuairimí roghnaithe ó aighneachtaí faoin laghdú ar an aois vótála**

- *'Ba cheart vótáil ag 16 bliana d'aois a scrúdú i gcomhthéacs oibleagáidí na hÉireann faoin gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh'* (RS32).
- *'Bheadh tionchar suntasach ag cohóirt aoise nua a chur leis an bpróiseas toghcháin agus caithfear inniúlachtaí cinnteoireachta na gcohórt sin a thuiscint go maith'* (RS20).
- *'Ní aontaím leis an aois vótála a laghdú. Tá sé sin bunaithe ar m'aibíocht féin ag 16 (agus fiú 18)'* (RS04).
- *'Tá sé thar a bheith tábhachtach an ceart vótála a shíneadh go daoine óga atá 16 agus 17 mbliana d'aois agus is mithid an gníomh cinntitheach é'* (RS57).

D'fhéadfadh an aois vótála a laghdú a bheith ina chinneadh claochlaitheach agus ag brath ar a thoradh, d'fhéadfadh reifreann eascairt as taighde sa réimse seo. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin go mbeadh an taighde seo cuimsitheach agus cothrom, ag tarraingt ó thaithí idirnáisiúnta, ach go léireodh sé freisin tuairimí raon leathan saineolaithe, páirtithe leasmhara agus an phobail, agus go dtuigfí saintréithe ar leith dhaonlathas agus chóras toghcháin na hÉireann.

Beidh an t-ábhar faoin aois vótála a laghdú ina thosaíocht taighde don Choimisiún a gcuirfear tús leis in 2024 dá bhrí sin. Beidh próiseas comhairliúcháin phoiblí cuimsitheach mar chuid de sin.



## 6.2. 5 Snáith E:

### (i) Taighde físiúil

Bhí spéis agus tacaíocht faoi leith ag baint leis an snáithe seo i measc fhreagróirí an phróisis comhairliúcháin chomh maith leis an nGrúpa Comhairleach Taighde.

Caithfear Snáithe E a dhearadh go cúramach chun a chinntiú go gcuireann na tionscadail a roghnaítear an luach is fearr is féidir le hobair an Choimisiúin, agus go mbíonn siad idir nuálach agus ionchuimsitheach. Cuirfear tús le hobair ar cheapadh sásra chun taighde físiúil a shainaithint agus a chur i gcrích in 2024, d'fhonn an cur chuige sin a thabhairt isteach ar bhonn trialach in 2025.

**Bosca 6: Tuairimí roghnaithe ar an snáithe taighde fhísiúil**

- *'Ceapaim gur an-smaoineamh é snáithe taighde fhísiúil a chur leis'* (RS37).
- *'Fáiltím roimh an mbéim ar… thaighde físiúil/taighde bunaithe ar fhiosracht a admhaíonn fírinní an tírdhreacha a bhíonn ag athrú de shíor i dtaobh daonlathais agus vótála'* (RS46).
- *'Tacaím go hiomlán le cuimsiú an tsnáithe taighde fhísiúil/taighde bunaithe ar fhiosracht. Cuirfidh sé sin ar chumas na dtaighdeoirí tabhairt faoi raon mór tionscadal a bhaineann le rannpháirteachas daonlathach in Éirinn'* (RS45).

## 6.3 Tosaíochtaí le haghaidh 2025

### 6.3. 1 Snáithe B:


#### (i) Dearadh na bpáipéar ballóide

Anuas ar cheist na seoltaí ar pháipéir bhallóide a ndéanfar taighde air in 2024, tarraingíodh anuas ceisteanna eile faoi dhearadh na bpáipéar ballóid sa phróiseas comhairliúcháin (féach Bosca 7 thíos). Féadfaidh, mar shampla, soiléire trí chéile leagan amach agus cur i láthair páipéar ballóide cur le laghdú ar pháipéir bhallóide mhillte. Chomh maith leis sin, tá inrochtaineacht páipéar ballóide le haghaidh vótálaithe faoi mhíchumas ábhartha do shainchúram an Choimisiúin i dtéarmaí athbhreithnithe i ndiaidh imeachtaí toghcháin, chomh maith le méadú ar rannpháirteachas vótálaithe. Thug cuid de na haighneachtaí le fios freisin go raibh bealaí níos córa ann chun iarrthóirí a chur in ord ar pháipéir bhallóide.

### Bosca 7: Tuairimí roghnaithe ó aighneachtaí faoi dhearadh na bpáipéar ballóide

- *‘D’fhéadfadh gurb é seo an t-am le machnamh a dhéanamh ar dhearadh ár bpáipéar ballóide a athrú… mhol an Coinbhinsiún ar an mBunreacht cúpla bliain ó shin deireadh a chur le vótáil in ord aibítre… Rogha níos éasca seans é dearadh nua a mheas don pháipéar ballóide, mar a úsáidtear san Astráil agus i Málta’* (RS05).
- *‘Ba cheart athruithe ar rangú na n-iarrthóirí ar an bpáipéar ballóide a mheas. Bíonn an rangú… in ord aibítre faoi láthair, ach tugann sé sin buntáiste d’iarrthóirí a dtosaíonn a sloinne le ABC srl. D’fhéadfadh úsáid rangaithe randamaigh… torthaí níos córa agus níos cothroime a bhaint amach’* (RS45).
- *‘Athdhearadh an pháipéir ballóide: d’fhéadfaí é a thriail ar a laghad. Athraíodh an bhallóid san Astráil chun béim níos mó a chur ar an bpáirtí’* (RS09).

Ag léiriú ábharthacht an ábhair seo d’fheidhmeanna éagsúla an Choimisiúin, agus an spéis a léiríodh ann in aighneachtaí chomh maith le spéis chomhaltaí an Ghrúpa Chomhairligh Taighde, déanfar athbhreithniú níos leithne ar dhearadh na bpáipéar ballóide a choimisiúnú agus a dhéanamh in 2025.




### 6.3.2: Snáithe C

Déanfar Athbhreithnithe i nDiaidh Imeachtaí Toghcháin le haghaidh gach imeachta toghcháin in 2025 agus déanfar tuilleadh taighde ar bhréagaisnéis agus bagairtí ar líne ar shláine toghcháin a mheas ag brath ar dhul chun cinn, taithí agus torthaí an taighde ar an ábhar seo in 2024.



### 6.3.3 Snáithe D

**(i) Síneadh a chur le vótáil phoist**

Tá na forálacha le haghaidh vóta poist i bhfad níos teoranta in Éirinn le hais go leor tíortha eile agus bíonn siad i bhfeidhm i sraith cúinsí sách cúng (féach ar Bhosca 8 thíos).

### Bosca 8: Critéir do vótáil phoist

- Taidhleoirí Éireannacha ar post ar an gcoigríoch, nó a gcéile nó a bpáirtí sibhialta a chónaíonn ar an gcoigríoch leo.
- Baill den Gharda Síochána.
- Comhaltaí lánaimseartha d’Óglaigh na hÉireann.
- Daoine faoi mhíchumas nó ar a bhfuil tinneas fisiciúil.
- Mic léinn atá i mbun staidéar go lánaimseartha ag institiúid oideachais in Éirinn, nach bhfuil ina gcónaí ag an seoladh baile ag a bhfuil siad cláraithe.
- Daoine nach bhfuil in ann vóta a chaitheamh ag a stáisiún vótála áitiúil mar gheall ar a bpost, seirbhís nó fostaíocht.
- Daoine nach bhfuil in ann vóta a chaitheamh ag a stáisiún vótála áitiúil mar gheall go bhfuil siad sa phríosún de bharr ordú cúirte.

Réimse é seo ina bhfuil Éire ina heisceacht i dtéarmaí dea-chleachtas idirnáisiúnta de réir dealraimh. Creideann go leor daoine go bhféadfadh incháilitheacht le haghaidh vóta poist a bheith ina huirlis chun rannpháirteachas vótálaithe a mhéadú, roinnt de fhreagróirí an phróisis comhairliúcháin ina measc. Ach mar a deir Coimisiún an Aontais Eorpaigh, mar shampla, ina ‘Theachtaireacht maidir le próisis thoghchánacha chuimsitheacha athléimneacha san Aontas agus feabhas a chur ar an ngné Eorpach agus ar stiúradh éifeachtúil na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa’, tá impleachtaí slándála agus sláine toghcháin ann freisin a chaithfear a chur san áireamh chun síneadh le vótáil phoist agus nuálaíochtaí eile lena mbaineann a mheas.[13]

Tar éis machnamh a dhéanamh ar an méid sin, cuirfear tús in 2025 le taighde ar an bhféidearthacht a bhaineann le vótáil phoist a shíneadh, a bhuntáistí agus a mhíbhuntáistí agus roghanna chuige sin.

## 6.4 Tosaíochtaí le haghaidh 2026

I bhfianaise mhéid agus raon feidhme na dtionscadal taighde a bheartaítear, tá an-seans go leanfar in 2026 le cuid de na tionscadail a thosóidh in 2025. Tabharfar tús áite in 2026 don fhéidearthacht a bhaineann le rogha eile in áit fothoghchán, agus síneadh le cead vótála, (dhá ábhar ar tarraingíodh aird orthu sna haighneachtaí taighde), chomh maith le forbairt leanúnach NEDS agus an dara babhta de thionscadail taighde fhísiúil. Leanfar ag tabhairt faoi PEERanna. Measfar tionscadail taighde fhéideartha eile a luadh sa phróiseas comhairliúcháin le haghaidh 2026, ar nós comhaireamh agus/nó vótáil leictreonach, réamhvótáil a thabhairt isteach, agus athbhreithniú ar an gcóras toghcháin (a d’fhéadfadh idir thoghcháin Oireachtais agus toghcháin Pharlaimint na hEorpa a chuimsiú).

[13] Féach pointe 5 mar shampla. MOLADH (AE) 2023/2829 ÓN gCOIMISIÚN AN 12 Nollaig 2023 maidir le próisis thoghchánacha chuimsitheacha athléimneacha san Aontas agus feabhas a chur ar an ngné Eorpach agus ar stiúradh éifeachtúil na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202302829&qid=1719077158864

# 7. Bonneagar agus Acmhainneacht Taighde a Fhorbairt

Nuair a bhí an Clár Taighde seo á ullmhú, chuamar ag plé le comhlachtaí poiblí cosúil linn a bhíonn i mbun taighde. Tarraingíodh aird leis sin ar an éiceachóras agus raon bonneagair fairsing a theastaíonn chun clár taighde ardchaighdeáin, críochnúil agus ionchuimsitheach a sholáthar. Áirítear ina measc siúd córais bainistíochta eolais agus sonraí chuí, samhlacha rialachais, bonneagar TF, sásraí piarmheasúnaithe, beartas eitice taighde, sásraí rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara, gnásanna agus rialacha foilsithe agus lua, agus foireann agus taighdeoirí ag a bhfuil na cáilíochtaí agus an taithí ábhartha a earcú. Caithfear na sásraí is fearr a bhreithniú freisin chun deiseanna a thabhairt do thaighdeoirí luathchéime agus mic léinn, piarthaighdeoirí i ngrúpaí atá faoi ghannionadaíocht, chomh maith leis an gcaoi a gcinnteoidh scéimeanna éagsúlacht agus ionadaíocht.

Is ábhair iad sin ar fad atá le breithniú agus a chur chun cinn i dteannta na dtionscadal taighde luath. De réir mar a fhorbraítear na bloic thógála sin, is féidir leis an líon tionscadail taighde méadú de réir a chéile.

# 8. Buiséad agus Acmhainní

Leithdháileadh buiséad beagnach €1m don taighde in 2024. Forálann an buiséad seo le haghaidh sheachadadh na dtionscadal tosaíochta in 2024. Áireofar leis sin caiteachas ar an taighde a dhéanfaidh cuideachtaí pobalbhreithe ag gach imeacht toghcháin, glanadh na sonraí lena bhfoilsiú, aon pháipéar taighde coimisiúnaithe agus costais a bhainfidh le comhairliúcháin, costais a bhainfidh le bonneagar taighde agus aon chostais riaracháin a bhainfidh le comhairliúchán le páirtithe leasmhara, an Grúpa Comhairleach Taighde agus cruinnithe Bhord Bainistíochta an Staidéir Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS).

# 9. Conclúid

Is mór ag an gCoimisiún clár taighde a chreideann sé a bheith spleodrach, uaillmhianach agus cothrom a chur i láthair. Ba mhaith leis buíochas a ghabháil le gach duine a chuir aighneacht isteach don phróiseas comhairliúcháin agus a dhearbhú gur léadh agus gur measadh gach aighneacht go cúramach.

Críochnóimid mar a thosaíomar, le hathfhriotal ó cheann na haighneachtaí sin a fuarthas:

> ***'Is daonlathas seanbhunaithe í Éire ina raibh toghcháin shaora agus chóra ó bhain sí saoirse amach in 1922.... Cothaíonn córas toghcháin na hÉireann iolrachas, ionadaíochas, agus cobhsaíocht pholaitiúil trína chur ar chumas na vótálaithe a roghanna a chur in iúl i measc iarrthóirí agus páirtithe éagsúla. Anuas air sin, tá sásraí rialaithe agus trédhearcachta ag an gcóras a chinntíonn sláine na bpróiseas toghcháin.'*** (RS54)

Cé go n-aithníonn an Coimisiún stádas na hÉireann mar cheann de na daonlathais leanúnacha is sine ar domhan, ní dhéanann sé talamh slán de. Tá rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn ag cur ár ndaonlathas agus ár dtoghcháin i mbaol, agus caithfear na rioscaí sin a aithint, chomh maith le hathruithe, nuálaíocht agus feabhsuithe a fhiosrú.

Creideann an Coimisiún go gcabhróidh an Clár Taighde seo lena chinntiú go mbeidh a ghníomhartha agus a mholtaí le haghaidh athchóiriú bunaithe ar fhianaise agus go léiríonn siad luachanna, éagsúlacht agus dearcthaí mhuintir na hÉireann.

Táimid ag súil le tuairisciú duit ar a dhul chun cinn.



## Aguisín 1: An Grúpa Comhairleach Taighde

Ar an 23 Feabhra 2024, d'fhógair an Coimisiún Toghcháin ballraíocht a Ghrúpa Chomhairligh Taighde. Tacaíonn an grúpa éagsúil agus saineolach seo leis an gCoimisiún a chlár uaillmhianach taighde a chur i gcrích.

Chomh maith le foráil a dhéanamh le haghaidh ionadaithe páirtithe leasmhara agus comhalta idirnáisiúnta, d'iarr an Coimisiún léirithe spéise chun ceithre phost acadúla/ shaineolacha a líonadh ar an nGrúpa Comhairleach Taighde.

Is é seo a leanas ballraíocht iomlán an Ghrúpa:

- An tOllamh Emerita Caroline Fennell, Ollamh Emerita le Dlí, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, comhalta den Choimisiúin Toghcháin (An Cathaoirleach)
- An Dr Nuala Connolly, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
- An Dr Pauline Cullen, Ollamh Comhlach le Socheolaíocht agus Polaitíocht sa Roinn Socheolaíochta in Ollscoil Mhá Nuad
- An tOllamh Kate Dommett, Ollamh le Polaitíocht Dhigiteach i Roinn na Polaitíochta agus Caidrimh Idirnáisiúnta ag Ollscoil Sheffield
- An tOllamh David Farrell, Ollamh le Polaitíocht i Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- An tOllamh David Kenny, Ollamh le Dlí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Brian Killoran, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Comhairle um Inimircigh na hÉireann
- Adam Lambe, Ionadaí Óige
- An Dr Patricia McCarthy, Socheolaí agus Abhcóide Míchumais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Orla O'Connor, Stiúrthóir, Comhairle Náisiúnta na mBan
- An Dr Brigid Quilligan, Gníomhaí ar son an Lucht Siúil
- An Dr Paul Redmond, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
- Niklas Wilhelmsson, an Roinn Daonlathais & Dlí Phoiblí, Aireacht Dlí agus Cirt, an Fhionlainn



## Aguisín 2: Bord Bainistíochta NEDS

Tá Bord Bainistíochta i mbun maoirseachta agus bainistíochta ar an Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais seo.

Tá foireann de shaineolaithe agus lucht acadúil toghcháin clúiteacha ar an mBord a roghnaíodh trí phróiseas iarratais.

Is iad comhaltaí an Bhoird:

- An Dr Rory Costello, Roinn na Polaitíochta agus Riaracháin Phoiblí, Ollscoil Luimnigh
- An Dr Johan A. Dornschneider-Elkink, Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- An tOllamh Georg Lutz, Stiúrthóir FORS (Lárionad Saineolais na hEilvéise sna hEolaíochtaí Sóisialta), Ollscoil Lausanne
- An tOllamh Gail McElroy, Roinn na hEolaíochta Polaitiúla, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- An Dr Theresa Reidy, Roinn Léann an Rialtais agus na Polaitíochta, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- An tOllamh Jane Suiter, Scoil na Cumarsáide, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Is í an Dr Mary-Clare O'Sullivan, Ceannasaí Taighde sa Choimisiún Toghcháin, cathaoirleach an Bhoird.

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission